Leidleathanach léitheoireachta ABC

Cad a thug ar an bpáiste a leithéid a léamh?

Amharc

An bhfuil an chuma chéanna ar an earráid agus an focal sa téacs?

Bhain an dalta úsáid as na litreacha agus cuma an fhocail.

pholl
Tá planda sa ~~phota~~.

Brí

An bhfuil ciall leis an earráid?

Bhain an dalta úsáid as pictiúrleid le focal a roghnú.

Roghnaigh an dalta focal eile a bhfuil ciall leis sa téacs.

Léigh an dalta fréamh focal, gan athrú gramadaí.

buachaill
Tá an ~~páiste~~ ag súgradh.
poll
Tá cré sa ~~pholl~~.

Comhréir

An bhfuil an earráid ag teacht le comhréir na Gaeilge?

Ar léigh an dalta frása eile aitheanta a leanann comhréir?

Níl a fhios
~~Ní fios~~ do na daoine.

J. de Brún 2020

Féincheartúcháin	
Agus léitheoirí ag déanamh monatóireachta ar a gcuid léitheoireachta is minic a thugann siad earráidí faoi deara. In amanna ní oibríonn an focal sa chomhthéacs nó ní oibríonn na píosaí focal san fhocal iomlán. Téann na léitheoirí sin siar agus ceartaíonn siad iad féin. Le féincheartú bíonn ar na léitheoirí leideanna eile a chuardach agus straitéisí eile a úsáid.	
Stratéisí léirithe	
❖ Déanann athléamh don chiall, déanann mónatóireacht agus féincheartú ❖ Baineann an focal as a chéile ❖ Baineann triail as roinnt straitéisí ❖ Cloiseann earráid agus déanann rud éigin lena ceartú	❖ Breathnaíonn go cúramach ar thús an fhocail ❖ Cuireann focail le chéile i bhfrásaí a bhfuil ciall leo ❖ Léann focal nua ag baint úsáid as ciall, píosaí aitheanta san fhocal, patrúin

Roinnt rudaí a bhaineann go sáiniúil leis an Ghaeilge:

- AMHARC: Tarlaíonn sé go minic sa Ghaeilge go dtugann páistí focal a léiríonn roinnt de na fuaimeanna atá san fhocal ach bíonn cuid acu mícheart. Is dara teanga í an Ghaeilge ag bunús na bpáistí agus tabharfaidh siad buille faoi thuairim maidir le foclóir, in amanna ag tabhairt 'focal' nach bhfuil ciall leis nó nach bhfuil ann sa Ghaeilge.

- BRÍ: Is minic nach léitear séimhiú/urú/ginideach/iolra i bhfocail. Sna cásanna sin is 'brí' an straitéis a bhíonn in úsáid. Léann an páiste focal iomlán a bhfuil ciall leis ach ní léann siad na litreacha/fuaimeanna a léiríonn séimhiú/urú/deireadh caol.

- COMHRÉIR: Gach seans nach leanfaidh an chuid eile den abairt comhréir na Gaeilge, mar atá amhlaidh leis an abairt sa sampla ar an leidleathanach seo. In amanna, bíonn roinnt struchtúr i gcomhréir na Gaeilge coimhthíoch ag léitheoirí agus ní thugann siad faoi deara go bhfuil earráid déanta acu.

- Is féidir níos mó ná aon straitéis amháin a úsáid sa léitheoireacht. Ba chóir na straitéisí ar fad a úsáid. Sna ceachtanna dírigh ar na straitéisí NACH mbíonn in úsáid le tacú leis an dalta.

J. de Brún 2020